2023.M23T v2

2023L005G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Tíreolaíocht

## Cuid a hAon agus Freagarleabhar

## Gnáthleibhéal

## Dé hAoine 9 Meitheamh Maidin 9:30 - 12:20

400 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit úsáid a bhaint as peann luaidhe i gcás sceitsí, graf agus léaráidí amháin.

Tá dhá chuid sa scrúdú seo. Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith, ach ní mór do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **CUID A hAON** | Ceisteanna Gearrfhreagra | **100 marc** |
| | Tabhair faoi **DHEICH** gceist ar bith. | |
| | Tá na ceisteanna go léir ar cómharc. | |
| **CUID A DÓ** | Ceisteanna Struchtúrtha | **300 marc** |

Ní mór duit tabhairt faoi **thrí** cheist. Ní mór ceist amháin as dhá cheann de na ranna thíos a fhreagairt:

- Roinn 1: **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceist 1-3)
- Roinn 2: **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceist 4-6)
- Roinn 3: **Toghaonaid** (Ceist 7-12)

Is féidir an tríú ceist a roghnú as roinn ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.


**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**

Tabhair faoi **DHEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Sraitheanna an Domhain**




Curtha in oiriúint ó www.twinkl.ie

Scrúdaigh an léaráid thuas ar a dtaispeántar sraitheanna difriúla an domhain agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an ngné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann í.

| Gné | Litir |
|---|---|
| An croí istigh | |
| An croí amuigh | |
| An screamh | |
| An maintlín | |

(ii) Cén pláta teicteonach a bhfuil Éire ina cuid de?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Nazca ☐

Eoráiseach ☐

**[10m]**


## 2. Carraigeacha










Curtha in oiriúint ó www.geology.com

Scrúdaigh na fótagraif thuas. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas chun an tábla a líonadh. Tá cuid den tábla líonta cheana duit.


(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** leis an gcineál carriage sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.

(ii) Cuir in iúl cé acu bruthcharraig, carraig dhríodair nó carraig mheiteamorfach í gach ceann de na cineálacha carraige.

| **C.2 (i) Litir** | **Cineál carraige** | **C.2 (ii) Bruthcharraig/Carraig Dhríodair/Carraig Mheiteamorfach** |
|---|---|---|
| **C** | Basalt | |
| | Aolchloch | |
| | Eibhear | **Bruthcharraig** |
| **B** | Grianchloichít | |

**[10m]**

## 3. Bolcáin




Curtha in oiriúint ó www.bgs.ac.uk

Scrúdaigh an léaráid de bholcán thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an ngné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann í.

| Gné | Litir |
|---|---|
| Seomra magma | |
| Cráitéar | |
| Screamh | |
| Sreabhadh laibhe | |

(ii) Cé acu ainm díobh seo a leanas a thugtar ar bholcán nár bhrúcht leis na céadta bliain ach a d'fhéadfadh brúchtadh arís?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Gníomhach ☐

Suanach ☐

**[10m]**

**4. Próisis Fhisiceacha**

Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun gach ceann de na **próisis fhisiceacha** thíos a mheaitseáil leis an **ngné** is mó a luaitear leis.

| Litir | Próiseas Fisiceach |
|---|---|
| **A** | Creimeadh abhann |
| **B** | Creimeadh cósta |
| **C** | Sil-leagan oighreach |
| **D** | Síonchaitheamh meicniúil |
| **E** | Sil-leagan abhann |

| Gné | Litir |
|---|---|
| Droimnín | |
| Leibhé | |
| Speireacha comhthrasnacha | |
| Aill farraige | |
| Scileach | |

**[10m]**

**5. Réigiúin**

Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun **an cineál réigiúin** a mheaitseáil leis an **sampla de réigiún** is fearr a mheaitseálann é.

| Litir | Cineál Réigiúin |
|---|---|
| **A** | Limistéar uirbeach |
| **B** | Réigiún geomoirfeolaíoch |
| **C** | Réigiún aeráide |
| **D** | Réigiún cultúrtha in Éirinn a shainmhínítear de réir teanga |
| **E** | Réigiún ina bhfuil meath tionsclaíochta ar siúl |

| Sampla de Réigiún | Litir |
|---|---|
| Teomheasartha Aigéanach | |
| Cathair Luimnigh | |
| Gleann Sambre Meuse, an Bheilg | |
| An Ghaeltacht | |
| Boirinn | |

**[10m]**

**6. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an ghné a thaispeántar ag gach ceann de na tagairtí eangaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| H 391 061: | |
| H 419 066: | |
| H 503 037: | |

(ii) Céard dó a seasann an litir N i gcás na mbóithre N3 agus N55?

(iii) Sa bhosca thíos, tarraing siombail léarscáile na Suirbhéireachta Ordanáis do Pháirceáil.

**[10m]**

**7. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén fad atá i mbóthar N3, ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil ag H 429 080 go dtí an timpeallán ag H 436 041?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

4.2 km ☐

3.2 km ☐

(ii) Cén airde atá sa phointe is airde ar an léarscáil?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

218 m ☐

320 m ☐

**[10m]**

**8. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo agus na sleachta as thíos, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.













(i) Tabhair suíomh gach ceann de na sleachta as an aerfótagraf agus an nodaireacht aitheanta á húsáid agat (cúlra ar dheis, lár an tulra, etc.).

| | |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu aerfótagraf ceartingearach nó aerfótagraf fiar é an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Ceartingearach ☐

Fiar ☐

**[10m]**

**9. Staitisticí Aimsire**

An Mheánteocht Mhíosúil agus an Bháisteach Mhíosúil ag Stáisiún Aimsire Pháirc na Darach, 2021

| | Ean | Fea | Már | Aib | Beal | Meith | Iúil | Lún | MF | DF | Samh | Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Meánteocht (°C)** | 3.9 | 6.1 | 7.6 | 7.1 | 9.7 | 14.3 | 17.7 | 15.8 | 15.4 | 11.9 | 8.0 | 6.9 |
| **Báisteach (mm)** | 86 | 110 | 37 | 14 | 123 | 16 | 61 | 59 | 39 | 112 | 20 | 102 |

Curtha in oiriúint ó www.met.ie

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann an mheánteocht mhíosúil agus an bháisteach mhíosúil ag Stáisiún Aimsire Pháirc na Darach in 2021 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Céard í an mheánteocht (°C) a bhí ann i mí Dheireadh Fómhair?

(ii) Céard í an mheánteocht mhíosúil (°C) ab airde?


(iii) Cén mhí inar thit an bháisteach ab airde?

(iv) Cé mhéad mí ina raibh an mheánteocht níos airde ná 10°C?

(v) Cé mhéad báistí san iomlán (mm) a thit sna míonna Eanáir, Feabhra agus Márta le chéile?

**[10m]**

**10. Léirmhíniú Satailíte**




Curtha in oiriúint ó www.earthobservatory.nasa.gov

Scrúdaigh na híomhánna satailíte thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na híomhánna **A**, **B**, **C** agus **D** leis an gcur síos sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann í.

| Cur Síos | Litir |
|---|---|
| Bolcán Mount Ruapehu, an Nua-Shéalainn | |
| An Fómhar i Sléibhte Adirondack, Stáit Aontaithe Mheiriceá | |
| Na Scillí, amach ó chósta Chorn na Breataine, An Ríocht Aontaithe | |
| Talmhaíocht i nGaineamhlach Chihuahuan, Meicsiceo | |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas.


*Uisciú* a thugtar ar sholáthar uisce do bharra chun cuidiú leo fás.

Fíor ☐

Bréagach ☐

**[10m]**

**11.** **Daonra an Aontais Eorpaigh**




Curtha in oiriúint ó www.ec.europa.eu

Scrúdaigh an bharrachairt chruachta thuas ar a dtaispeántar struchtúr dhaonra an Aontais Eorpaigh (AE) de réir aoisghrúpaí móra do 2017, 2020, agus an daonra réamh-mheasta do 2030 agus 2040, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén céatadán de dhaonra an AE a bhí san aoisghrúpa 0 - 19 mbliana in 2017?

(ii) Cén aoisghrúpa ina raibh an céatadán ab ísle den daonra in 2020?


(iii) Cén aoisghrúpa a réamh-mheastar go mbeidh an céatadán is airde den daonra ann in 2030?

(iv) Cén bhliain a réamh-mheastar go mbeidh 9% de dhaonra an AE san aoisghrúpa 80 agus os a chionn?

(v) Luaigh aoisghrúpa **amháin** nach raibh aon athrú céatadáin ann idir 2017 agus 2020.

**[10m]**

**12. Aimsir**




Curtha in oiriúint ó www.met.ie

Scrúdaigh an chairt aimsire thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Céard atá á léiriú leis an **L** ar an gcairt aimsire?

(ii) Sa cháirt aimsire thuas, an dócha go mbeidh an aimsir os cionn na hÉireann fliuch agus gaofar **nó** ciúin agus tirim?
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Fliuch agus gaofar ☐ Ciúin agus tirim ☐

(iii) Cén brú baraiméadrach atá ann (ina mhilleabair/heicteapascail) atá an bpointe atá marcáilte le **X**?

(iv) Sa bhosca thíos, tarraing siombail chairt na haimsire le haghaidh fronta fuar.

(v) Cén t-ainm atá ar na línte ar chairt aimsire a cheanglaíonn áiteanna a bhfuil an t-aerbhrú céanna iontu? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Isiteirmeacha ☐ Iseabair ☐

**[10m]**


# Freagarleabhar do CHUID A DÓ

## Treoracha

Tá ceisteanna **CHUID A DÓ** ar fáil ar cheistpháipéar ar leith.

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh.

Bain úsáid as an gcolún ar chlé chun gach cuid de cheist a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá ceithre leathanach de ghrafpháipéar ar na chéad cheithre leathanach eile den fhreagarleabhar seo. Ar na leathanaigh ghrafpháipéir, is ag bun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh ar fad sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Mura mbíonn dóthain spáis agat sa fhreagarleabhar seo, is féidir leat breis páipéir nó grafpháipéir a iarraidh ar an bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcás sceitsí, graf agus léaráidí amháin**.**

Ceist

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a hAon agus Freagarleabhar

Dé hAoine 9 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:20